Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 20

# An Garda Síochána

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas ar ceangal ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus speansais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc. chun speansais áirithe finnéithe agus deontais áirithe a íoc.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna gcur ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2019 as leithreasaí neamhchaite 2018, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €3.135 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Gardaí ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chuirtear san áireamh i gcuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Úsáideann an Garda Síochána gabháltais talún ag an Teampall Mór go n-úsáidfidh mac léinn iad chun críocha áineasa. Tá an Garda Síochána ag oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú go n-aistrítear gach talamh le bheith faoi úinéireacht an Stáit.

Cuirtear trí Stáisiún de chuid an Gharda Síochána a maoiníodh le Vóta an Gharda Síochána san áireamh sa chuntas leithreasa, faoi mar a shonraítear i Nóta 2.1. Níor aithníodh na forbairtí seo roimhe seo mar shócmhainní foirgnimh an Gharda Síochána. Nochtadh na sócmhainní roimhe seo mar chuid de Nóta 2.8 – Tionscadail mhóra chaipitil amháin. Tá an réadmhaoin go léir eile a úsáideann an Garda Síochána faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, agus cuirtear i gcuntas é i gcuntas leithreasa na hOifige sin.

Ní chuimsítear sa ráiteas ar chostas oibriúcháin ag Nóta 1 méid measchíosa a ríomhadh maidir le réadmhaoin a áitíonn an Garda Síochána agus atá faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais nó Oifig na nOibreacha Poiblí. Mar thoradh air sin, ní léirítear costas iomlán geilleagrach na seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána sa ráiteas ar an gcostas oibriúcháin.

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid chothroim thar a saolré ionchais measta ag tosú sa mhí a cuireadh i gcuntas sa chlár sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí caighdeánacha dímheasa i bhfeidhm maidir le foirgnimh, trealamh oifige agus TF, agus troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le sócmhainní caipitil eile

- aerárthaí: 5% sa bhliain
- báid: 10% sa bhliain
- feithiclí: 25% sa bhliain
- córais mhóra bogearraí oibríochtúla: 20% sa bhliain

## *An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais*

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Cheap an tÚdarás Póilíneachta Coiste Iniúchóireachta in 2017 chun comhairle a chur orm agus mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Gharda Síochána
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Bainistíocht riosca***

Tá cur chuige na bainistíochta riosca ar aon dul le beartais Rialtais agus tá sé in ainm is a chinntiú go ndéantar rioscaí corparáideacha, feidhmiúcháin agus áitiúla a imríonn tionchar ar chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach, a bhainistiú ar aon dul le ráiteas straitéise agus pleananna na heagraíochta. Tacaíonn Bord Rialachais Riosca agus Beartas, Aonad tiomnaithe Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána, Líonra Seaimpíní Riosca, beartas agus nósanna imeachta leasaithe, leathanach gréasáin tairsí agus cáipéisí gaolmhara leis.

Ceapadh an Príomhoifigeach Riaracháin mar an Príomhoifigeach Riosca don Gharda Síochána agus mar chathaoirleach an Bhoird Rialachais Riosca agus Bheartas. Áirítear lena ról rioscaí corparáideacha a shainaithint, tacú le bainistíocht riosca ar gach leibhéal, an Coimisinéir a chur ar an eolas ar stádas agus éifeachtacht na bainistíochta riosca agus tuairisciú a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta. Áirítear le ballraíocht an Bhoird Rialachais Riosca agus Bheartas roinnt Coimisinéirí Cúnta agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin. Ní foláir cruinnithe an Bhoird Rialachais Riosca agus Bheartas a reáchtáil ar a laghad gach ráithe. Chuaigh an Garda Síochána i mbun beart chun na rioscaí a chruthaíonn coimhlint leasa a bhaineann le freastal an Phríomhoifigigh Riaracháin ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta mar bhall den Choiste Iniúchóireachta a mhaolú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Garda Síochána agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Gharda Síochána.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Garda Síochána go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chloígh an Garda Síochána leis na treoirlínte seachas i gcás 72 conradh ar luach €19,520,120 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

- Bhain 11 chonradh ar luach €2,977,401 le soláthraithe aonair agus seirbhísí a bhaineann le slándáil.
- Síneadh 50 conradh ar a raibh luach €15,829,109 i ndiaidh dháta an chonartha bhunúil gan soláthar iomaíoch, conarthaí san áireamh le haghaidh acmhainní oilte TF.
- íocadh trí chonradh ar luach €341,499 maidir le seirbhísí leighis i gcomhréir le rátaí a cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí gairmiúla. Tugadh faoi thairiscint iomaíoch le haghaidh seirbhísí leighis le tacaíocht ó FSS. Bronnadh na tairiscintí agus tá na conarthaí i bhfeidhm anois.
- Bhí socruithe conartha áitiúla i bhfeidhm sna hocht gcás eile ar a raibh luach €372,111, a tháinig salach ar threoirlínte soláthair náisiúnta.

Chuir an Garda Síochána socruithe ar conradh i bhfeidhm cheana féin do roinnt de na soláthairtí siúd ar luach €10,993,291 agus chuaigh sé i mbun beart chun tairiscintí a chur i bhfeidhm in 2020 maidir leis na cinn eile.

***Iniúchóireacht inmheánach agus An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Gharda Síochána ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Garda Síochána nochta dóibh faisnéis ar fáil dá chuid oibre agus tá a phleananna iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Fheidhmeannacht, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Tá obair ar bun chun cúiseanna a bhíonn le, agus na torthaí a bhíonn ar, roinnt teipeanna móra rialaithe i dtréimhsí roimhe seo. Cuirtear nuashonrú ar fáil sa mhéid seo a leanas maidir leis na ceisteanna siúd.

*Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin an Gharda Síochána*

Is é is príomhchúis le ró-íocaíocht thuarastail bhaill agus fhoireann an Gharda Síochána saoire bhreoiteachta/ mháithreachais, scor, éirí as, dífhostú a fhógairt go déanach agus iarratas a thacaíonn le teaghlaigh a dhéanamh ar an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Comhaontaíodh pleananna téarnaimh go dtí an 31 Nollaig 2019 maidir le 36% de phinsin an Gharda Síochána ar sainaithníodh gur ró-íocadh iad agus comhaontaíodh 53% de phleananna téarnaimh tuarastal chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána ar sainaithníodh gur ró-íocadh iad.

Is go príomha mar gheall ar phinsin a íoc roimh ré a ró-íoctar pinsin an Gharda Síochána, seachas i riaráiste, faoi mar is gnách a dhéanamh san earnáil phoiblí. D'iarr an Garda Síochána ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Ordú Pinsean, 1925 a leasú lena éascú pinsin a íoc i riaráiste i ndiaidh dul i gcomhairle le cumainn foirne an Gharda Síochána.

I ndiaidh go ndearnadh comh-iniúchadh ar ró-íocaíochtaí faoinar tugadh leis an ONSC i Meán Fómhair 2019, tá plean feidhmithe á chur i bhfeidhm.

*Toghairmeacha a eisíodh go mícheart*

Sainaithníodh i scrúdú a rinneadh ar 830,687 toghairm, a eisíodh idir an 1 Eanáir 2006 agus an 27 Bealtaine 2016, gur tugadh 146,865 cás daoine a rinne cionta os comhair na gcúirteanna go mícheart. As na toghairmeacha seo, ghearr na cúirteanna pionós ar 12,074 cás agus cailleadh ceadúnas tiomána, bronnadh pointí pionóis agus/nó gearradh fíneálacha dá bharr ar na cásanna a bhí i gceist. Tá achomharc á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar na torthaí seo, le toiliú gearánaithe, leis an gCúirt Chuarda. Ag brath ar chinntiúchán na cúirte, aisíocfar aon fhíneálacha a gearradh agus ceartófar na taifid go léir atá i gceist.

I ndiaidh dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Chúirteanna, sainaithníodh dátaí cúirte agus eisíodh litreacha maidir leis na 12,074 cás ar gearradh pionós orthu dá bharr. Bhí 'iarratas ar shíneadh ama chun achomharc a dhéanamh' agus 'fógra achomhairc' sna litreacha seo a d'iarr síniú an duine sula bhféadfadh an Garda Síochána an cheist a thabhairt chun cinn thar a gceann.

D’eisigh an Garda Síochána litir bhreise chuig 5,863 duine i Samhain 2019 nár fhreagair do chomhfhreagras roimhe sin. Cuireadh na daoine ar an eolas nach mbeadh an Garda Síochána in ann ceisteanna a thabhairt chun cinn níos mó gan a dtoiliú.

Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an nGarda Síochána faoi láthair leis an tSeirbhís Chúirteanna chun dátaí cúirte a shainaithint chun achomharc a dhéanamh ar gach ceist eile nuair a fuarthas foirm thoilithe. Is ionann an figiúr seo faoi láthair agus 2,432. Tiocfaidh laghdú ar an bhfigiúr seo de réir mar a gheofar deimhniú ón tSeirbhís Chúirteanna gur éirigh leis na hachomhairc.

Seo a leanas staid chúrsaí amhail Mhárta 2020:

| | |
|---|---|
| Litreacha a seoladh | 12,074 |
| Níorbh fhéidir iad a sheachadadh [1] | 1,652 |
| Litreacha a seachadadh (sa phost nó de láimh) | 10,422 |
| Foirmeacha toilithe a fuarthas chun achomharc a dhéanamh(toghairm agus cúisimh) | 5,395 |
| Achomhairc ar éirigh leo | 2,818 |
| Níor theastaigh aon achomharc [2] | 145 |
| Ar feitheamh achomhairc [3] | 2,432 |
| Níorbh fhéidir aon dul chun cinn breise a dhéanamh [4] | 5,027 |

1 Seoladh na litreacha seo ar ais mar gheall nár éirigh lena seachadadh agus níorbh fhéidir an litir a sheachadadh de láimh. Rinneadh iarrachtaí chun sonraí teagmhála nua a shainaithint do na ‘daoine’ a ndearnadh difear dóibh ach i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chóras *PULSE* agus fiosrúcháin leasa shóisialaigh a dhéanamh, áfach, níor sainaithníodh aon sonraí teagmhála nua. Ní féidir aon ghníomh eile a dhéanamh maidir leis na ceisteanna seo.

2 I ndiaidh dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Chúirteanna, sainaithníodh nár gearradh aon phionós maidir le 145 cás agus, ar an ábhar sin, níl sé riachtanach na ceisteanna seo a achomharc. Cuireadh an duine a ndearnadh difear dóibh ar an eolas dá réir.

3 Áiríodh leis an bhfigiúr seo cásanna a bhí liostaithe roimhe seo le haghaidh achomhairc agus ina bhfuiltear ag feitheamh le deimhniú gur éirigh leis an achomharc a rinneadh ar na ceisteanna.

4 Áirítear leis an bhfigiúr 5,027 duine ar theip orthu freagairt d’aon chomhfhreagras maidir leis an gceist seo, cásanna inar thug an duine le fios nach mian leo aon ghníomh a dhéanamh sa cheist seo agus cásanna ina bhfuil bás faighte anois ag an duine agus nach féidir an cheist a achomharc.

Coimeádadh na costais ghaolmhara a laghad agus ab fhéidir agus costais riaracháin laistigh den tSeirbhís Chúirteanna, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Garda Síochána atá i gceist leo den chuid is mó. Mar gheall go ndéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí na hachomhairc a aistriú agus go ndéileáiltear le líon mór cásanna ag gach suí cúirte, coimeádtar na costais a ísle agus is féidir. Mar gheall nach gá don duine a ndearnadh difear dó/di freastal ar an achomharc nó ionadaíocht neamhspleách a dhéanamh dó/di, ní bhíonn aon chostais dlí bhreise le híoc maidir leis an gceist seo.

*Bainistíocht maoine agus fianaise*

Rinneadh an Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine, Cuid 2 (*PEMS2*), córas rianaithe leictreonach a dhéanann an mhaoin go léir a bhainistiú atá á coimeád ag an eagraíocht, a thabhairt isteach i ngach réigiún ó Shamhain 2017 ar aghaidh. Chomh maith leis sin, cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le stóir *PEMS* a oscailt agus a athchóiriú, tá riaráiste leagáide d’ábhar fianaiseach ann atá le cur i dtaifead ar

chóras *PEMS* a bhfuiltear ag dul i ngleic leis mar gheall gur shainaithin Iniúchóireacht Inmheánach é mar riosca leanúnach airgeadais agus cáile.

*Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána/an Clár Athstiúrtha Óige:*

Deimhníodh nach ndearna comhaltaí an Gharda Síochána próiseáil a fhad le conclúid chuí sa tréimhse ó Eanáir 2010 go hIúil 2017 ar líon mór cásanna in athbhreithniú inmheánach a rinneadh ar theagmhais atreoraithe óige a measadh a bhí oiriúnach lena gcur san áireamh i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin rannpháirtíochta íospartach chun idirchaidreamh a dhéanamh go réamhghníomhach le gach páirtí leasmhar seachtrach a bhí i gceist.

Mar thoradh ar an athbhreithniú, d'eisigh an Garda Síochána leithscéal foirmiúil do na páirtithe ábhartha a bhí i gceist sa cheist seo trí 7,422 litir leithscéil a eisiúint. Ghabh bileog eolais d'íospartaigh leis an litir seo chun tacú leis na daoine aonair seo. Anuas air sin, thug an Garda Síochána 159 cuairt phearsanta ar íospartaigh na tromchoireachta.

De bhreis air sin, cheadaigh an Coimisinéir *an Plean Gníomhaíochta um Chur i bhFeidhm an Athbhreithnithe Athstiúrtha Óige Náisiúnta 2019-2021* a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm chun na 39 moladh a d'eascair as obair an Ghrúpa Athbhreithnithe Inmheánaigh a chur san áireamh. Ceapadh Ard-Cheannfort chun glacadh le freagracht fhoriomlán as feidhmeanna straitéiseacha agus oibríochtúla Bhiúró nuachruthaithe Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Bunaíodh dhá aonad bhreise in 2019 faoi choimirce Bhiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána - Aonad Beartas an Chláir Athstiúrtha (*DPPU*) agus an tAonad Riosca agus Monatóireachta (*RMU*).

Tugtar sonraí sa tábla thíos ar fhigiúirí amhail Mhárta 2020 faoi líon na gcomhaltaí den Gharda Síochána a raibh disciplín á cur orthu/imscrúdú á dhéanamh orthu maidir le ceisteanna a d'eascair as an Athbhreithniú ar an gClár Athstiúrtha Óige. Níl an t-athbhreithniú ar dhisciplín críochnaithe go fóill agus tá imscrúdú le déanamh ar cheithre roinn eile.

| **Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007 (arna leasú)** | **Líon na gcomhaltaí** |
|---|---|
| Rialachán 10 cion disciplíneach (mionchion) | 657 |
| Cuid 2 imscrúduithe disciplíneacha (nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna) | 69 |
| Cuid 3 imscrúduithe disciplíneacha (tromchúiseach) | 3 |

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Garda Síochána ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Gharda Síochána atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laige i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2019 ar eascair, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

**JA Harris**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

30 Márta 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 20 An Garda Síochána

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 An Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 20 An Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2020

## Vóta 20 An Garda Síochána

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,760,076 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,581 | | | |
| | *Forlíontach* | 32,379 | | | |
| | | | 1,796,036 | 1,794,042 | 1,729,262 |
| **Ollchaiteachas** | | | **1,796,036** | **1,794,042** | **1,729,262** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Tosaigh* | 105,268 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,879 | | | |
| | | | **120,147** | **121,288** | **125,787** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,654,808 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,581 | | | |
| | *Forlíontach* | 17,500 | | | |
| | | | **1,675,889** | **1,672,754** | **1,603,475** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.Ní raibh aon leithdháiltí ann nár caitheadh maidir le gnéithe caipitiúla Fhotheideal 12 a bhí le tabhairt anonn go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 3,135,356 | 6,954,187 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (3,581,000) |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **3,135,356** | **3,373,187** |

**JA Harris**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

30 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 478,172 | 475,138 |
| Pá | | 1,137,561 | 1,091,799 |
| Neamhphá | | 178,309 | 162,325 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,794,042** | **1,729,262** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **121,288** | **125,787** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,672,754** | **1,603,475** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (26,715) | | |
| Dímheas | 24,448 | | |
| Diúscairtí (airgead tirim) | 12 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 124 | | |
| Sócmhainn a tugadh in úsáid (nóta 2.1) | (90,763) | (92,894) | (4,247) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 251 | | |
| Méadú ar stoc | (1,267) | (1,016) | (4,500) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,578,844** | **1,594,728** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 23,175 | 21,548 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,602,019** | **1,616,276** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 20 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 75 | 23 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 19,470 | 17,949 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 2,647 | 2,509 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais [a] | 2,376 | 2,268 |
| *Lúide* | | |
| Costas seirbhísí comhroinnte a sholáthair an Garda Síochána do Vótaí eile | (1,393) | (1,201) |
| | **23,175** | **21,548** |

Nóta [a] Cuirtear costais íocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an bhfoireann shibhialtach san áireamh i Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ní chuirtear i dtaifead sa chuntas seo iad mar ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

**Seirbhísí eile**

Comhoibríonn an Garda Síochána le seirbhísí eile ar bhealaí éagsúla. Ní léirítear na costais atá i gceist sa tábla thuas. Is iad na príomhsheirbhísí:

- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacain do phearsanra na Seirbhíse Príosúin a raibh príosúnaigh á dtabhairt acu go dtí an chúirt.
- Thug na Fórsaí Cosanta cúnamh don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt, gan íocaíocht.
- Cuireadh aerárthaí an Aerchóir ar fáil do phearsanra an Gharda Síochána i rith 2019 gan íocaíocht. Tugadh tacaíocht an Aerchóir freisin gan táille a ghearradh maidir le haerárthaí sciathán dobhogtha an Gharda Síochána agus héileacaptair an Gharda Síochána.

## Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 168,609 | 75,050 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 22,988 | 27,767 |
| Stoic | 2.3 | 9,464 | 8,197 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.9 | 11,931 | 10,271 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,760 | 1,434 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 23,305 | 17,501 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 69,448 | 65,170 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.10 | 13,110 | 10,208 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 46,158 | 41,599 |
| Glanchistiú Státchiste | 2.6 | 135 | 3,669 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | 59,403 | 55,476 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 10,045 | 9,694 |
| **Glansócmhainní** | | **178,654** | **84,744** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.7 | **178,654** | **84,744** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Foirgnimh | Aerárthaí agus báid | Feithiclí agus trealamh | Oifig agus Trealamh TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | — | 19,697 | 71,806 | 190,844 | 7,012 | 29,101 | 318,460 |
| Breisiúcháin | — | 174 | 12,657 | 9,174 | 1,792 | 3,582 | 27,379 |
| Tugtha in úsáid [a] | 90,763 | — | — | 15,613 | — | (15,613) | 90,763 |
| Diúscairtí | — | — | (7,515) | (10,522) | (39) | — | (18,076) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019 | 90,763 | 19,871 | 76,948 | 205,109 | 8,765 | 17,070 | 418,526 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | — | 15,105 | 54,135 | 168,931 | 5,238 | — | 243,409 |
| Dímheas don bhliain | 2,622 | 576 | 9,484 | 11,270 | 496 | — | 24,448 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (7,383) | (10,519) | (38) | — | (17,940) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019 | 2,622 | 15,681 | 56,236 | 169,682 | 5,696 | — | 249,917 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019** | **88,141** | **4,190** | **20,712** | **35,427** | **3,069** | **17,070** | **168,609** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018 | — | 4,592 | 17,671 | 21,912 | 1,774 | 29,101 | 75,050 |

Nóta [a] Críochnaíodh trí cheanncheathrú roinne agus tosaíodh le húsáid a bhaint astu in 2019 ar chomhchostas €90.763 milliún. Níor aithníodh na forbairtí seo roimhe seo mar shócmhainní foirgnimh an Gharda Síochána. Nochtadh na sócmhainní roimhe seo mar chuid de Nóta 2.8 Ceangaltais – Tionscadail mhóra chaipitil amháin.

## 2.2 An Banc agus Airgead Tirim

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim an PMG | 16,223 | 22,482 |
| Cuntais bhainc thráchtála [a] | 6,765 | 5,285 |
| | **22,988** | **27,767** |

[a] Nóta tá 95 cuntas bainc óinchiste roinne/aonaid á gcoimeád ag an nGarda Síochána.

## 2.3 Stoic

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 416 | 417 |
| Stoc teileachumarsáide | 1,105 | 1,137 |
| Éadaí | 3,440 | 3,016 |
| Biúró Teicniúil | 132 | 124 |
| Stoc na Náisiún Aontaithe | 150 | 135 |
| Armlann | 3,549 | 2,957 |
| Ilghnéitheach | 672 | 411 |
| | **9,464** | **8,197** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | (1,708) | (3,273) |
| Óinchistí | 635 | 842 |
| Cuntas fionraí párolla (*Paypath*) | 23,338 | 16,170 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 468 | 385 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 572 | 3,377 |
| | **23,305** | **17,501** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 21,735 | 20,593 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 9,838 | 8,984 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,149 | 524 |
| Cáin Bhreisluacha | 815 | 379 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | 1 |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 842 | 1,144 |
| Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin | 3 | 5 |
| Scéim Pinsin na Státseirbhíse | 460 | 323 |
| Iarmhéideanna cuntais roinn an Gharda Síochána | 6,765 | 5,285 |
| | 41,607 | 37,238 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 3,845 | 3,710 |
| Ciste Luaíochta an Gharda Síochána (nóta 5.7) | 491 | 475 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 215 | 176 |
| | **46,158** | **41,599** |

## 2.6 Glanchistiú Státchiste

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 3,135 | 3,373 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 3,581 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (3,000) | (3,285) |
| **Glanchistiú Státchiste** | **135** | **3,669** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 22,988 | 27,767 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 23,305 | 17,501 |
| | 46,293 | 45,268 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (41,607) | (37,238) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (4,551) | (4,361) |
| | (46,158) | (41,599) |
| | **135** | **3,669** |

## 2.7 An Cuntas um Chistiú Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 84,744 | 75,997 |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Cuntas | 1,675,889 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | — | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (3,135) | | |
| Glanvóta | | | 1,672,754 | 1,603,475 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 23,175 | 21,548 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,602,019) | (1,616,276) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **178,654** | **84,744** |

## 2.8 Ceangaltais

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 54,103 | 73,536 |
| Tionscadail chaipitil | 19,107 | 20,794 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **73,210** | **94,330** |

Nóta B’ionann na ceangaltais maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ag deireadh 2019 agus €54.103 milliún. B’ionann ceangaltas *Go Safe* agus €48.653 milliún, agus conradh a bheidh i bhfeidhm go dtí Aibreán 2023 atá i gceist leis. I measc na gceangaltas eile, tá TFC €3.272 milliún, ceannach feithiclí €764,000, teileachumarsáid €533,000, saintrealamh €484,000, éadaí €216,000 agus an t-iarmhéid €181,000 i measc na bhfo-cheannteideal eile.

**b) Tionscadail chaipitil mhóra**

| Tionscadal | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2019 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ceanncheathrú Réigiúnach/roinne: | | | | | |
| • Gaillimh | 29,945 | 307 | 1,911 | 32,163 | 32,163 |
| • Sráid Chaoimhín | 33,407 | 718 | 4,582 | 38,707 | 33,967 |
| • Loch Garman | 26,347 | 39 | 575 | 26,961 | 26,961 |
| Forbairt córas bogearraí | | | | | |
| • Céimeanna 3a, 3b, 5 de *MIMS*[a] | 15,613 | 1,779 | 7,408 | 24,800 | 24,800 |
| • Schengen | 13,487 | 3,582 | 4,631 | 21,700 | 21,700 |
| | **118,799** | **6,425** | **19,107** | **144,331** | **139,591** |

Nóta [a] Córais Bhainistíochta Mhóra Imscrúdaithe

**Athruithe suntasacha**

Gaillimh: Sheol an conraitheoir éilimh ar aghaidh agus ceapadh comhréiteoir an 22 Eanáir 2020 chun athbhreithniú a dhéanamh ar éileamh an chonraitheora i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP).

Sráid Chaoimhín: Réitíodh éilimh bhreise a rinne an conraitheoir trí idir-réiteach ar shuim €3.25 milliún. B'ionann costais eile dlí agus chomhairleacha theicniúla a bhain leis an bpróiseas idir-réitigh agus €355,000. Is ionann na costais seo, agus táillí eile conartha a bhfuil súil leis go dtabhófar iad sula dtabharfar an tionscadal chun críche, agus €4.582 milliún.

Loch Garman: Rinneadh comhaontú ar an gcuntas deiridh €615,000, lena n-áirítear coinneáil, idir OOP agus an conraitheoir.

An Bóthar MíleataSíníodh an conradh chun ceanncheathrú Bhaile Átha Cliath a fhorbairt atá lonnaithe ar an mBóthar Míleata i bhFeabhra 2020. Luach €78.1 milliún atá ar an gconradh.

## 2.9 Réamhíocaíochtaí

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí raidió dhigitigh náisiúnta | 8,278 | 5,918 |
| Íocaíochtaí TFC | 2,494 | 4,178 |
| Eile | 1,159 | 175 |
| | **11,931** | **10,271** |

## 2.10 Speansais fhabhraithe

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| TFC | 1,785 | 1,022 |
| Feithiclí a cheannach | 429 | 486 |
| Saintrealamh | 104 | 92 |
| Taisteal agus cothú | 2,059 | 1,606 |
| Breosla agus cothabháil | 943 | 1,225 |
| Seirbhísí stáisiúin | 1,655 | 1,228 |
| Conradh *Go Safe* | 1,124 | 1,184 |
| Stóráil agus tarraingt | 688 | 642 |
| Cumarsáid agus trealamh eile | 1,213 | 714 |
| Trealamh TFC | 68 | 289 |
| Éadaí | 211 | 48 |
| Coláiste | 425 | — |
| Eile | 2,151 | 1,672 |
| Cáin[a] | 255 | — |
| | **13,110** | **10,208** |

Nóta [a] Tá comhaontú ag an nGarda Síochána leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcur chuige ceart cánachais maidir le seirbhísí a chuirtear ar fáil i gceaintín agus siopa Choláiste an Gharda Síochána. B’ionann an figiúr deiridh lenar comhaontaíodh maidir leis na blianta ó 2015 go dtí 2019 agus €255,000.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt i measc na gclár, chun costálacha cláir a chur i láthair.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,121,909 | | | |
| | *Forlíontach* | 16,572 | | | |
| | | | 1,138,481 | 1,137,561 | 1,091,799 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Tosaigh* | 15,100 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,558 | | | |
| | | | 20,658 | 20,917 | 21,243 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | |
| | *Tosaigh* | 11,527 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,244 | | | |
| | | | 23,771 | 24,413 | 23,554 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| | *Tosaigh* | 39,447 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,263 | | | |
| | | | 49,710 | 50,522 | 45,556 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | |
| | *Tosaigh* | 61,093 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,549) | | | |
| | | | 58,544 | 57,404 | 43,440 |
| vi | Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil | | | | |
| | *Tosaigh* | 642 | | | |
| | *Forlíontach* | 420 | | | |
| | | | 1,062 | 1,197 | 4,550 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | | | | |
| | *Tosaigh* | 261 | | | |
| | *Forlíontach* | 674 | | | |
| | | | 935 | 634 | 1,466 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | |
| | *Tosaigh* | 17,801 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,893 | | | |
| | | | 22,694 | 23,096 | 22,351 |
| ix | Cúltaca an Gharda Síochána | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,395 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,230) | | | |
| | | | 165 | 126 | 165 |
| | | | **1,316,020** | **1,315,870** | **1,254,124** |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.122 billiún, toradh: €1.138 billiún*

Baineann €4.006 milliún den chaiteachas foriomlán breise €15.652 milliún le tuarastail agus liúntais agus baineann €11.645 milliún le ragobair. Is é is príomhchúis leis an gcaiteachas €4.006 milliún sa bhreis ar thuarastail agus liúntais san fho-cheannteideal seo ná an buiséad a leithdháileadh idir Coláiste an Gharda Síochána agus an chuid eile den eagraíocht. B'ionann tuarastail, pá agus liúntais agus €3.876 milliún faoi bhun an bhuiséid i bhfo-cheannteideal Choláiste an Gharda. Bhí súil leis go rachadh costais foirne i méid i gColáiste an Gharda Síochána, ach tháinig laghdú ar chostais i gColáiste an Gharda Síochána mar gheall ar an méid ní b'ísle d'earcaithe an Gharda Síochána a iontógadh in 2019. Tháinig méadú, ar an iomlán, ar na líon na foirne ar fud na heagraíochta aníos ó 16,876 in 2018 go dtí 17,657 in 2019. Bhí an ragobair sa tsuim a soláthraíodh sa mheastachán €11.645 milliún ní b'airde. Is é cuid den chúis leis an ngá ní ba mhó a bhí le ragobair ná an earcaíocht mhéadaithe agus am faisnéisithe an Gharda Síochána ina dhiaidh sin a íoctar as an mbuiséad ragoibre. Bhí €9.583 milliún de chaiteachas ragoibre inchurtha i leith póilíniú a dhéanamh ar na cuairteanna a thug uaisle áirithe ón gcoigríoch, bhain €5.775 milliún de chaiteachas ragoibre leis na bearta faoinar tugadh chun an choireacht eagraithe a chomhrac agus caitheadh €1.053 milliún sa bhreis ar Shlándáil Chalafoirt.

**ii Taisteal agus cothú**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €15.1 milliún, toradh: €20.917 milliún*

Ba é an méadú ar chomhaltaí agus foireann an Gharda Síochána in 2019, i gcomparáid le 2018, cuid den chúis leis an mbarrachas €5.817 milliún de chaiteachas ar thaisteal agus cothú iomlán (in Éirinn agus Thar Lear). Tháinig méadú ar na líonta iomlán a bhí fostaithe aníos ó 16,876 in 2018 go 17,657 in 2019. Chomh maith leis sin, thit roinnt oibríochtaí speisialta amach maidir le coireacht eagraithe agus oibríochtaí slándála idirnáisiúnta. Seo a leanas an príomhbharrachas i mbuiséid Taistil agus Chothaithe sna príomh-Réigiúin/príomh-Bhrainsí; Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath: €0.8 milliún; Réigiún an Iarthuaiscirt: €0.63 milliún; Réigiún an Oirthir: €1.3 milliún; Réigiún an Deiscirt: €0.95 milliún; Slándáil agus Faisnéis: €0.3 milliún; agus bhí barrachas nó coigiltí ní ba lú i gceist ar fud na Réigiún/na mBrainsí eile. Anuas air sin, chosain an ghné Thaistil agus Chothaithe maidir le póilíniú a dhéanamh ar chuairteanna uaisle áirithe ón gcoigríoch beagán de bhreis ar €1 milliún. Baineann an barrachas eile le taisteal thar lear.

iii **Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €11.527 milliún, toradh: €24.413 milliún*

Bhí roinnt tosca ina gcúis leis an mbarrachas €12.886 milliún de chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha, costais san áireamh a bhaineann leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus mar gheall go raibh go leor gnéithe den chatagóir seo faoi stiúir éilimh. Ba iad na rudaí ba mhó a bhí ina gcúis le costas; Tarraingt agus stóráil feithiclí, a chosain €6.235 milliún os cionn an bhuiséid. Bhí na speansais a bhí ar dhaoine a choinneáil €1.788 milliún ní b'airde ná an buiséad agus bhain barrachas €5.088 milliún le caiteachas ilghnéitheach. Bhain costais €1.791 milliún le caiteachas ilghnéitheach a bhain le póilíniú a dhéanamh ar an gcuairt a thug uaisle áirithe ón gcoigríoch.

iv **Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €39.447 milliún, toradh: €50.522 milliún*

B'íocaíocht a rinneadh maidir leis an gcóras raidió dhigitigh náisiúnta ba phríomhchúis leis an mbarrachas €11.075 milliún. Cuireadh cistiú €3.6 milliún ar fáil maidir leis an tionscadal soghluaisteachta a chuirfidh ar chumas stáisiúin sonraí móibíleacha a imlonnú go dtí comhaltaí túslíne an Gharda Síochána, a chuirfidh ar a gcumas teacht slán a fháil ar aipeanna móibíleacha an Gharda Síochána, ar nós ríomhphoist agus aip chuardaigh feithiclí.

v **Trealamh Oifige agus Seirbhísí TF Seachtracha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €61.093 milliún, toradh: €57.404 milliún*

Ba thionscadail áirithe a cuireadh siar mar chuid de shraith bearta costchiorraithe a cuireadh i bhfeidhm ní ba luaithe sa bhliain lena chinntiú go bhféadfadh an Garda Síochána buiséad cothrom a sholáthar in 2019 ba phríomhchúis leis an gcoigilt €3.689 milliún. Mar gheall ar an tráth a fógraíodh cistí a bheith curtha ar fáil (i dtreo dheireadh 2019), níorbh fhéidir san amfhráma a cuireadh ar fáil chun leanúint ar aghaidh le roinnt de na tionscadail TF a cuireadh siar ní ba luaithe sa bhliain.

vi **Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €640,000, Toradh: €1.197 milliún*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €0.555 milliún de chaiteachas ar chothabháil áitribh an Gharda Síochána ná freastal ar riachtanais chothabhála bunriachtanaí eastát an Gharda Síochána. Ní leor an soláthar cistithe don bhliain chun íoc as comhchostas bliantúil cothabhála bunriachtanaí, córais chosanta ar dhóiteáin, agus cothabhála tailte. As an gcaiteachas iomlán, caitheadh €0.734 milliún ar áitribh a chothabháil, cothabháil bhunriachtanach, cothabháil raon arm tine agus sábháilteacht ó dhóiteán san áireamh. Anuas air sin, caitheadh €0.463 milliún ar thailte a chothabháil.

**vii Seirbhísí cosultancy agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartas**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €261,000, toradh: €634,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €0.373 milliún de chaiteachas ar shainchomhairleoireacht ná costais ar thuairiscí agus comhairle saineolaithe. Caitheadh €61,500 agus €185,176 ar thuairiscí a bhain le himscrúdú de chuid an Bhiúró um Choireacht Eacnamaíoch agus ar athbhreithniú ar an mBainistíocht Tarraingthe, faoi seach. Anuas air sin, íocadh €157,965 ar athbhreithniú rannóige agus ar chomhairle faoi chánachas.

**viii Seirbhísí stáisiúin**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €17.801 milliún, toradh: €23.096 milliún*

Bhí roinnt gnéithe ina gcúis leis an mbarrachas €5.295 milliún i gcaiteachas ar sheirbhísí stáisiúin; bhain €2.343 milliún le héilimh ar riachtanais troscáin mar thoradh ar stáisiúin a athchóiriú agus a oscailt agus sainaonaid nua a bhunú. Chosain stáisiúin a ghlanadh €2.408 milliún sa bhreis, agus caitheadh €1.106 milliún sa bhreis ar sheirbhísí leighis an Gharda Síochána a sholáthar. Tháinig méaduithe móra ar phraghas i measc na ngnéithe éagsúla sa bhliain 2019, ar ghlantachán ach go háirithe (costais saothair). Anuas air sin, íocann an Garda Síochána anois as na costais a bhíonn ar chairpéad agus ar chlúdaigh urláir, ar íoc OOP astu roimhe seo. Chuir an méadú ar líon na bhfostaithe leis an mbarrachas san fho-cheannteideal seo freisin. D’eascair coigilt €0.562 milliún as muirir fóntais.

**ix Cúltaca an Gharda Síochána**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.395 milliún, toradh: €126,000*

B’éard ba chúis leis an gcoigilt €1.269 milliún de chaiteachas ar Chúltaca an Gharda Síochána ná teip ar an sprioc earcaíochta a bhaint amach agus laghdú 70 comhalta a tháinig ar an líon Gardaí cúltaca idir 2018 agus 2019. Tá comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána i dteideal liúntas €1,000 sa bhliain a fháil má oibríonn siad ar a laghad 208 uair an chloig i gcaitheamh tréimhse 12 mhí.

## Clár A Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,121,909 | | | |
| | *Forlíontach* | 16,572 | | | |
| | | | 1,138,481 | 1,137,561 | 1,091,799 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Tosaigh* | 147,266 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,273 | | | |
| | | | 177,539 | 178,309 | 162,325 |
| A.3 | Éadaí agus oiriúintí | | | | |
| | *Tosaigh* | 6,263 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,153) | | | |
| | | | 4,110 | 5,537 | 7,839 |
| A.4 | Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | |
| | *Tosaigh* | 29,054 | | | |
| | *Forlíontach* | 844 | | | |
| | | | 29,898 | 31,848 | 26,371 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | |
| | *Tosaigh* | 29,460 | | | |
| | *Forlíontach* | 647 | | | |
| | | | 30,107 | 32,236 | 30,090 |
| A.7 | Aerárthaí | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,050 | | | |
| | *Forlíontach* | 513 | | | |
| | | | 1,563 | 1,426 | 2,037 |
| A.8 | Aoisliúntas, etc. | | 346,261 | 343,379 | 336,828 |
| A.9 | Speansais finnéithe | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,805 | | | |
| | *Forlíontach* | 467 | | | |
| | | | 2,272 | 2,155 | 2,434 |
| A.10 | Cúiteamh | | 16,620 | 14,977 | 14,194 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,198 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,078) | | | |
| | | | 120 | 200 | 653 |
| A.12 | Clár tógála caipitil | | | | |
| | *Tosaigh* | 21,500 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,581 | | | |
| | *Forlíontach* | (8,813) | | | |
| | | | 16,268 | 13,832 | 18,957 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| A.13 Coláiste an Gharda Síochána | | | | | |
| *Tosaigh* | 37,566 | | | | |
| *Forlíontach* | (4,893) | | | | |
| | | 32,673 | 32,458 | | 35,611 |
| | | **1,796,036** | **1,794,042** | | **1,729,262** |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €30.384 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhí an caiteachas ar riarachán, pá san áireamh, €46.694 milliún ní b'airde ná an meastachán tosaigh ar tugadh míniú air, ach baineadh coigilt €16.31 milliún, ar an iomlán, amach sna limistéir eile chaiteachais, agus ba é seo a leanas ba phríomhchúis leis seo:

**A.3 Éadaí agus oiriúintí**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €6.263 milliún, toradh: €5.537 milliún*

Ba é ba chúis leis an gcoigilt €726,000 i gcaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná coigilt ar chostais éidí mar thoradh ar an iontógáil laghdaithe i gColáiste an Gharda Síochána in 2019. Tháinig laghdú ar an méid stoc éidí a ceannaíodh d'fhonn nach rachaidís as feidhm mar gheall go bhfuil sé beartaithe an éide nua a thabhairt isteach in 2021.

**A.5 Iompar**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €29.054 milliún, toradh: €31.848 milliún*

Ba mhéadú ar líon na bhfeithiclí a ceannaíodh in 2019 ba chúis leis an mbarrachas €2.794 milliún de chaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Bhí 2,794 feithicil i bhflít iomlán an Gharda Síochána an 31/12/2019; bhí nach mór 47% den fhlít ní ba shine ná ceithre bliana d'aois agus bhí 18% ní ba shine ná sé bliana d'aois ag deireadh 2019. B'ionann an infheistíocht iomlán a rinneadh sa fhlít iompair in 2019 agus €12.702 milliún.

**A.6 Cumarsáid agus trealamh eile**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €29.46 milliún, toradh: €32.236 milliún*

Is mar gheall ar chaiteachas méadaithe i sainréimsí ar nós na Roinne um Póilíniú Bóithre, ach go háirithe, a bhí an barrachas €2.776 milliún de chaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Ceannaíodh gunnaí luais léasair chun brath idirghabhála a dhéanamh, lena gcur in ionad earraí a ceannaíodh an uair dheireanach in 2003. Beidh seo tairbheach freisin mar gheall go laghdóidh sé costais chothabhála na n-earraí seo (€200,000 gach bliain). Ba é €924,000 an costas iomlán a bhain leis na gunnaí léasair a cheannach. Anuas air sin, ceannaíodh córas slándála le haghaidh Shlándáil agus Faisnéis ar €1.343 milliún. Bhí an chuid eile den choigilt nó den bharrachas le sonrú i measc na bhfo-cheannteideal eile laistigh den chatagóir seo.

**A.7 Aerárthaí**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.05 milliún, toradh: €1.426 milliún*

Is mar gheall ar chostais mhéadaithe chothabhála agus dheisiúcháin héileacaptair an Gharda Síochána a bhí an barrachas €376,000 de chaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Caitheadh €941,000, ar an iomlán, ar dheisiúcháin agus cothabháil héileacaptair agus caitheadh €395,000 ar chodanna. Anuas air sin, caitheadh €100,000 ar aerárthaí sciathán dobhogtha a chothabháil.

**A.9 Speansais finnéithe**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.805 milliún, toradh: €2.155 milliún*

Is mar gheall ar mhéadú ar éileamh oibríochtúil a bhí an barrachas €350,000 de chaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Is mar gheall ar an gcostas a bhí ar shainfhinnéithe a bhí á gcoinneáil a bhí roinnt den bharrachas seo. Mar gheall go mbraitheann an fo-cheannteideal ar éileamh, is deacair caiteachas a thuar go cruinn.

**A.10 Cúiteamh**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €16.62 milliún, toradh: €14.977 milliún*

Ba é cineál dothuartha an mhéid íocaíochtaí agus na suimeanna a bronnadh ba chúis leis an gcoigilt €1.643 milliún i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**A.11 Clár slándála finnéithe**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.198 milliún, toradh: €200,000*

Mar gheall ar chineál an fho-cheannteidil seo, tá sé an-deacair an leibhéal caiteachais a thuar go cruinn agus baineadh coigilt €998,000 amach dá bharr i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**A.12 Clár tógála caipitil**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €25.081 milliún, toradh: €13.832 milliún*

Is mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar oibreacha dhá thionscadal caipitil mhóra, Sráid Mhic Giobúin agus an Bóthar Míleata, a bhí an coigilt €11.249 milliún i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Tháinig moilleanna aníos ar roinnt cúiseanna; bhí pleananna le cur in oiriúint le hathruithe a chur san áireamh a theastaigh ón nGarda Síochána, na hathruithe maidir le tógáil a theastaigh ó OOP, srianta ar acmhainní OOP mar thoradh ar an ardéileamh ar sheirbhísí teicniúla de chuid OOP ó gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, moilleanna maidir le tairiscintí a chur amach agus ar cheadanna pleanála.

**A.13 Coláiste an Gharda Síochána**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €37.566 milliún, toradh: €32.458 milliún*

Ba é ba chúis leis an gcoigilt €5.108 milliún i gColáiste an Gharda Síochána i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná coigilt €3.876 milliún ar chostais a bhain le pá, agus earraí neamhphá €1.522 milliún. Ba é ba chúis le cuid de na coigiltí iontógáil laghdaithe in 2019 agus mar gheall gur dáileadh an buiséad pá idir Coláiste an Gharda Síochána agus an chuid eile den eagraíocht. Rinneadh róchaitheamh €286,000 ar ragobair i gColáiste an Gharda Síochána.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Ranníocaíocht le scéimeanna pinsin do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | |
| | *Tosaigh* | 11,278 | | | |
| | *Forlíontach* | 490 | | | |
| | | | 11,768 | 11,911 | 11,926 |
| 2 | Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána | | | | |
| | *Tosaigh* | 21,528 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,284 | | | |
| | | | 22,812 | 22,909 | 22,733 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha (Nóta 4.2). | | | | |
| | *Tosaigh* | 11,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,069 | | | |
| | | | 17,069 | 17,458 | 15,303 |
| 4 | Fáltais Choláiste an Gharda Síochána | | | | |
| | *Tosaigh* | 300 | | | |
| | *Forlíontach* | 688 | | | |
| | | | 988 | 955 | 628 |
| 5 | Táillí airm thine | | 10,400 | 10,663 | 2,832 |
| 6 | Ceamaraí sábháilteachta – fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | | | | |
| | *Tosaigh* | 14,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 461 | | | |
| | | | 14,661 | 14,668 | 14,707 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | | | | |
| | *Tosaigh* | 36,562 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,887 | | | |
| | | | 42,449 | 42,724 | 57,658 |
| | | | **120,147** | **121,288** | **125,787** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad seo ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €16.02 milliún ní ba mhó ná mar a tuaradh. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**1 Ranníocaíocht le pinsean ranníocach do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána**

*Meastachán: €11.278 milliún, réadaithe: €11.911 milliún*

Ba mhéadú ar líon na nGardaí a bhí ag fónamh ba chúis leis an mbarrachas €633,000.

**2 Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána**

*Meastachán: €21.528 milliún, réadaithe: €22.909 milliún*

Ba mhéadú ar líon na nGardaí a bhí ag fónamh ba chúis leis an mbarrachas €1.381 milliún.

**3 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán: €11 milliún, réadaithe: €17.458 milliún*

Is deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go cruinn. Ba é an phríomhchúis a bhí le fáltais bhreise €6.458 milliún ná uainiú fháltais an AE agus na bhfáltas le haghaidh imeachtaí dualgais neamhphoiblí.

**4 Fáltais Choláiste an Gharda Síochána**

*Meastachán: €300,000, réadaithe: €955,000*

Is mar gheall ar fháltais ní ba mhó ná mar a raibh coinne leis i mbialann agus siopa an Gharda Síochána a bhí na fáltais bhreise €655,000.

**5 Táillí airm thine**

*Meastachán: €10.4 milliún, réadaithe: €10.663 milliún*

B’uainiú fáltas ba chúis leis an mbarrachas €263,000.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €36.562 milliún, réadaithe: €42.724 milliún*

Ba mhéadú ar líon na gcomhaltaí agus ar líon na gcomhaltaí foirne de chuid an Gharda Síochána a bhí ag fónamh, agus an méadú ar chaiteachas ar ragobair, ónar eascair méadú ar ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise, ba chúis leis an mbarrachas €6.162 milliún.

## 4.2 Anailís ar fháltais ilghnéitheacha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí dualgais neamhphoiblí a chuir Gardaí ar fáil | 5,910 | 6,556 |
| Aisíocaíochtaí réamhíocaíochtaí gluaisteáin | 2 | 1 |
| Gnóthú maidir le díobháil a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus do mhaoin eile an Gharda Síochána | 48 | 62 |
| Fáltais i ndiaidh feithiclí athláimhe, seanstóir, maoin fhorghéillte agus maoin nár éilíodh a dhíol | 645 | 961 |
| Táillí ar thuairiscí timpiste agus díobhála mailísí | 757 | 748 |
| Ranníocaíocht le haghaidh áiteanna cónaithe | 42 | 50 |
| Speansais finnéithe a aisíoc | 2 | 5 |
| Tuarastail a aisíoc | 52 | 81 |
| An céatadán de mhuirear a ghearrtar ar chomhlachtaí árachais as préimheanna árachais a bhailiú | 104 | 112 |
| Fáltais an AE | 3,369 | 998 |
| Táillí ceadúnais tacsaí | 251 | 218 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre – táillí a gearradh ar chionta tiomána | 2,529 | 2,056 |
| Táillí méarlorg chun críocha fostaíochta agus víosa | 80 | 79 |
| Crainn an Gharda Síochána | 1,052 | 1,046 |
| Dliteanas iompróra | 865 | 707 |
| Táillí grinnfhiosrúcháin | — | 25 |
| Cártaí aoise | 213 | 227 |
| Earraí neamhrangaithe | 1,537 | 1,371 |
| | **17,458** | **15,303** |

## 4.3 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 1,144 | 748 |
| Fáltais ó fhíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 5,000 | 2,400 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (5,302) | (2,004) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | **842** | **1,144** |

## 4.4 Fáltais fógraí muirir sheasta

B'ionann na fáltais iomlána ó fhógraí muirir sheasta in 2019 agus €19.688 milliún (2018: €17.107 milliún). As seo, coimeádadh €14.668 milliún (2018: €14.707 milliún) chun conradh *Go-Safe* a chistiú. Íocadh iarmhéid €5 milliún na bhfáltas (2018: €2.4 milliún) leis an Státchiste.

# Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | | |
| Comhaltaí Garda | 14,307 | 14,032 |
| Gardaí faoi Oiliúint | 405 | 415 |
| Foireann an Gharda Síochána | 2,945 | 2,429 |
| | **17,657** | **16,876** |

## 5.2 Pá Coláiste an Gharda Síochána san áireamh

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 782,086 | 743,669 |
| Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 431 | 363 |
| Liúntais eile | 181,031 | 173,841 |
| Ragobair | 106,942 | 118,148 |
| ÁSPC Fostóra | 90,981 | 83,606 |
| **Pá iomlán** | **1,161,471** | **1,119,627** |

Nóta Áirítear leis seo pá don fhoireann a bhí fostaithe i gColáiste an Gharda Síochána, a ghearrtar ar fho-cheannteidil A.13.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 € | 2018 € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 220 | 5 | 40,123 | 30,296 |
| Ragobair agus freastal breise | 14,676 | 3,441 | 55,086 | 64,017 |
| Liúntais do shealobair agus d'obair de réir an uainchláir | 14,370 | 8,521 | 47,848 | 48,510 |
| Ilghnéitheach | 15,011 | 274 | 77,126 | 73,861 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 14,312 | 12,593 | 81,588 | 94,411 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh beirt státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu chun dualgais éagsúla a dhéanamh agus chosain seo €55,745, ar an iomlán. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí Párolla

| | **2019** | **2019** | **2018** | **2018** |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon faighteoirí** | **€000** | **Líon faighteoirí** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 1,037 | 2,022 | 1,019 | 1,874 |
| Pleananna gnóthúcháin | 548 | 1,070 | 537 | 820 |
| Ró-íocaíochtaí pinsin | 328 | 790 | 339 | 834 |
| Pleananna téarnaimh | 65 | 281 | 88 | 278 |

Nóta: Tá na figiúirí thuas carnach agus áirítear leo ró-íocaíochtaí a rinneadh i mblianta roimhe seo agus nár íocadh go fóill. Rinneadh ceithre ró-íocaíocht a rinneadh le Foireann an Gharda Síochána, a raibh luach €2,035 orthu, a dhíscríobh.

## 5.6 Ciste Luaíochta an Gharda Síochána

Is é cuspóir an Chiste dámhachtainí i ngeall ar chrógacht Ghardaí agus ranníocaíocht bhliantúil a íoc le haghaidh seirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas maidir le fíneálacha disciplíneacha an Gharda Síochána.
Léirítear sa ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána a gearradh ar an gCiste i gceart sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir | 475 | 468 |
| Fáltais | 45 | 55 |
| Íocaíochtaí | (29) | (48) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | **491** | **475** |

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coimisiúnú agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheaptha | Caiteachas carnach a fhad le deireadh 2019 | 2019 Toradh | 2018 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Rónáin Mhic Lochlainn [a] | 2014 | 292 | — | 4 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Uí Fhaircheallaigh [b] | 2017 | 32 | — | 5 |
| Binse Nochta [c] | 2017 | 2,899 | 801 | 1,308 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [d] | 2018 | 46 | 42 | 4 |

Nóta
[a] Tá Coimisiún Imscrúdúcháin Rónáin Mhic Lochlainn tugtha chun críche anois. Ba é cuspóir an Choimisiúin chun imscrúdú a dhéanamh ar lámhach marfach a rinne comhaltaí an Gharda Síochána.

[b] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Uí Fhaircheallaigh chun imscrúdú a dhéanamh ar an mbealach a caitheadh le duine a bhí faoi mhíchumas intleachtúil a bhí i gcúram altrama.

[c] Bunaíodh an Binse Nochta chun imscrúdú a dhéanamh ar nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus ceisteanna áirithe eile. Tabhaítear costais le haghaidh ionadaíocht dhlíthiúil i measc chomhaltaí an Gharda Síochána atá ag fónamh agus atá ar scor. Tabhaítear costais féin an Bhinse faoin Vóta le haghaidh Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

[d] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt do líomhaintí a rinneadh gur baineadh drochúsáid ghnéasach as leanbh ainmnithe.

## 6.2 Ráiteas caillteanas (feithiclí an Gharda Síochána, etc.)

Tuairiscíodh 561 timpiste, ar an iomlán, in 2019 ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2018: 625). B'ionann costas na díobhála a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus costais eile agus €776,600. Gnóthaíodh cúiteamh €34,102, ar an iomlán.

## 6.3 Calaois agus Calaois Amhrasta

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Calaois | — | — |
| Calaois amhrasta | 15 | 25 |

Braitheadh/líomhnaíodh 11 chás calaoise in 2019 a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an nGarda Síochána orthu faoi láthair (2018: 12).

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas maidir le costais dlí agus dámhachtainí cúitimh ar ghlac comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána agus baill den phobal leo.

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a bronnadh** | **Costais dlí a bronnadh** | **Costais eile a bronnadh [a]** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh a rinne comhaltaí agus fostaithe an Gharda Síochána [b]** | | | | | | |
| Faoi Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945 | 177 | 6,165 | 1,573 | — | 7,738 | 6,926 |
| Tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ngeall ar chomhaltaí a gortaíodh agus iad ar dualgas [c] | 48 | 142 | 173 | 25 | 340 | 459 |
| Caingne dlí a thionscain comhaltaí an Gharda Síochána | — | — | — | — | — | 98 |
| **Éilimh shibhialta a rinne baill den phobal** | | | | | | |
| Éilimh a d'eascair as Gardaí a bheith ag tabhairt faoina ndualgais | 183 | 2,768 | 2,031 | 18 | 4,817 | 3,724 |
| Éilimh (a rinne comhaltaí an Gharda Síochána san áireamh) a d'eascair as timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána | 173 | 1,341 | 588 | 57 | 1,986 | 2,874 |
| | | **10,416** | **4,365** | **100** | **14,881** | **14,081** |

An 31 Nollaig 2019

- Bhí 1,462 éileamh fós le réiteach faoi Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), (2018: 1,397)
- Bhí 276 éileamh sibhialta le réiteach go fóill a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2018: 237)
- Bhí 1,327 éileamh sibhialta, seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána, le réiteach go fóill (2018: 1,540)

Nóta [a] Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora agus táillí leighis etc.

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €96,822 (2018: €115,064) de bhun na Scéime Sochair Díobhálacha Ceirde, a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní chuirtear na híocaíochtaí seo san áireamh sa tábla thuas.

[c] D'fhéadfaí páirtíocaíochtaí a bheith san áireamh leis na híocaíochtaí seo i gcaitheamh roinnt blianta i gcásanna aonair.

## 6.5 Tionscadail an AE

Bhí dhá thionscadal déag ann a chistigh an AE in 2019. Is mar seo a leanas na cistí a fuarthas sa bhliain:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Atlas 2019 | 111 | — |
| Ciste Slándála Inmheánaí | 3,101 | 526 |
| *BroadWay* | 14 | 29 |
| *Pericles* | 6 | — |
| *PROTAX* | 25 | 98 |
| *ROXANNE* | 77 | — |
| Slándáil | — | 9 |
| *MAGNETO* | 57 | — |
| *QROC* | 57 | — |
| *InspectR* | 200 | — |
| *Proactive* | 216 | — |
| *City Cop* | 29 | — |
| *Safe Ci* | 9 | — |
| *CEPOL* | 65 | 130 |
| **Iomlán** | **3,967** | **792** |

Tionscadal Atlas 2019 chun tacú le gníomhaíochtaí an líonra trasnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

- Chéad Ionad Sármhaitheasa ATLAS a bhunú sa réimse sáraithe eitleán (*AIRCRAFT*).
- Tacaíocht fheabhsaithe leighis a thabhairt d'íospartaigh agus dár bhfórsaí féin i limistéir dhoicheallacha (*MEDIC*).
- Scileanna agus cuir chuige fheabhsaithe oirbheartaíochta chun cur in aghaidh teagmhas i gceantair uirbeacha (*BUILDINGS*).
- Cumas Aonaid Speisialta Idirghabhála a fheabhsú chun déileáil le rioscaí a bhaineann le dróin agus róbait (*INOVATION*).
- Feabhas a chur ar choincheapa aimsitheoirí a imlonnú in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta (*SNIPER*).
- Modhanna a fhorbairt chun earraí agus foirgnimh a shárú (*ENTRY*).
- Modhanna dea-chleachtais a fhorbairt chun cumas idirbheartaíochta a chomhtháthú i rith oibríochtaí Frithsceimhlitheoireachta (*NEGO*).
- Feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir an tAonad Imscrúduithe Speisialta (an *SIU*) i gcásanna oibríochtaí a bhaineann le modh iompair phoiblí (*TRANSPORT*).
- Feabhas a chur ar chumas *SIU*anna chun comhoibríochtaí ilnáisiúnta a stiúradh agus a chomhordú maidir le EURO2020 (C4).

Tá an Ciste Slándála Inmheánaí le straitéis slándála inmheánaí, comhoibriú maidir le forfheidhmiú an dlí agus bainistiú teorainneacha seachtracha an AE a chur chun cinn. Tá an ciste dírithe ar dhá chuspóir ar leith ó 2014 go 2020:

- An choireacht a chomhrac: coireacht trasteorann, tromchoireacht agus coireacht eagraithe a chomhrac, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht agus comhordú agus comhoibriú a neartú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis náisiúnta eile stáit an AE, *EUROPOL* agus comhlachtaí ábhartha eile AE, agus eagraíochtaí ábhartha neamh-AE agus idirnáisiúnta san áireamh.
- Riosca agus géarchéim a bhainistiú: barr feabhais a chur ar chumas stáit an AE agus an aontais chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar riosca agus géarchéim a bhaineann le slándáil, agus ullmhú chun daoine agus príomhbhonneagar a chosaint in aghaidh ionsaithe sceimhlitheoireachta agus bagairtí eile a bhaineann le slándáil.

I ndiaidh riachtanais Thionscadal *BroadMap*, tugadh faoi thionscadal *BroadWay* chun córais píolótach a chruthú ó roinnt córais fréamhshamhla a imlonnaíodh a cheadóidh oibriú idir-inoibritheach a léiriú trasna teorainneacha sna suíomhanna seo a leanas – fánaíocht teorainn talún, cianfhánaíocht, grúpaí cumarsáide agus gach teagmhas a thiteann amach i dtíortha atá ceangailte leo.

Tionscadal Eorpach é *Pericies* laistigh de chlár *Horizon* 2020. Is é an cuspóir atá ag Pericies ná chun cur in aghaidh radacú agus antoisceachas foréigneach agus cosc a chur orthu, agus díriú ar leith ar thacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. Tá ceithre chomhpháirtí Eorpacha dhéag sa chuibhreannas, cúig ghníomhaireacht phóilíní náisiúnta san áireamh. Tá an Garda Síochána ar cheann de chúig ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí Eorpacha a bhfuil páirt á glacadh acu sa tionscadal.

Tionscadal de chuid an AE é *PROTAX* laistigh den chlár Horizon 2020 a bhaineann leis an ngníomh ar a dtugtar ‘Modhanna Nua chun Caimiléireacht agus Coireacht Chánach a Chosc, a Imscrúdú agus a Mhaolú san AE’. Is é cuspóir an tionscadail chun cur le Samhail Slándála Eorpach a chuireann réitigh ar fáil chun coireanna cánach a chosc agus a ionchúiseamh. Bunaithe ar anailís a rinneadh ar na cuir chuige a ghlactar i leith forfheidhmiú dlí, creataí dlíthiúla ar leibhéal ballstáit agus ar imscrúdú domhain turgnamhach a rinneadh ar thosca daonna, cleachtais institiúide agus ghairmiúla pháirtithe leasmhara a mhúnlú, tiocfaidh forbairt ar *PROTAX* i gcomhoibriú dlúth le sraitheanna straitéisí cleachtóra le haghaidh an lucht déanta beartas slándála, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach.

Tionscadal AE is ea *ROXANNE* laistigh de chlár *Horizon* 2020 a dhéanann líonraí coiriúla a aimsiú agus ar cheann de phríomhghnéithe mhisean na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí (na GFDanna) is ea a mbaill a shainaithint. Cuirfidh *ROXANNE* leis an sprioc seo trí láidreachtaí na dteicneolaíochtaí urlabhra agus teanga (TUTanna), láidreachtaí na hanailíse amhairc (AA) agus na hanailíse ar líonraí (AL) a cheangal. Bainfidh *ROXANNE* méadú suntasach amach ar luas an phróisis imscrúdaithe chomh maith le feabhsú ar dhaoine aonair a shainaithint trí urlabhra, i dtaobh cásanna coiriúla ina ndéantar anailís ar mhéideanna móra de chumarsáid (ina bhfuil tréithe ilteangacha) a rinneadh a idirghabháil go dleathach. Díreofar an fhorbairt theicniúil ar ardán *ROXANNE*, a chuirfidh feabhas ar acmhainní anailíse ar an líonra coiriúil trí chreat a sholáthar chun faisnéis a asbhaint agus dul i mbun gnímh ina leith, bunaithe ar theicneolaíochtaí urlabhra, teanga agus físeáin.

Tionscadal Eorpach é *MAGNETO* laistigh de chlár *Horizon* 2020. Tá mar chuspóir

ag *MAGNETO* teicneolaíocht a chruthú a chuirfidh ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí anailís a dhéanamh ar ilmheáin agus iad a chur i gcomhchoibhneas chun coireacht eagraithe a chosc agus a imscrúdú. Trí ardán *MAGNETO* a úsáid, beidh ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí foinsí iolracha ollmhóra sonraí ilchineálacha a chomhtháthú agus a anailísiú, gaolta ceilte a aimsiú i measc earraí sonraí, treochtaí a ríomh ar mhaithe le teagmhais slándála a thabhairt chun cinn agus feasacht agus tuiscint níos fearr a fháil ar chásanna slándála reatha nó roimhe seo.

Roinneann tionscadal *QROC* riachtanais agus dea-chleachtas agus déanann sé an fhadbhreathnaitheacht a mhéadú maidir le teicneolaíochtaí nua nuálacha le haghaidh ionad oibríochtúil chun feabhas a chur ar chosaint an phobail. Chuige sin, fobróidh tionscadal *QROC* acmhainn chumarsáide idir na hIonaid Náisiúnta Oibríochtúla um Fhorfheidhmiú an Dlí (*NOC*) chun sonraí oibríochtúla a roinnt agus a fháil go tapa maidir le bagairtí sceimhlitheoireachta chun an pobal a chosaint. Déanfaidh torthaí inbhraite bunaithe ar thástáil leanúnach le haghaidh Pacáiste Acmhainne (PA), uirlisí féinmheasúnaithe le haghaidh *NOC*anna, taispeántais teicneolaíochtaí nuálacha agus teicneolaíochtaí nuálacha, anuas ar oideachas agus oiliúint phraiticiúil trí shraith cleachtaí boird, éifeachtúlacht agus acmhainneacht *NOC*anna a mhéadú.

Tionscadal de chuid an AE laistigh de chlár *Horizon* 2020 is ea *InspectR* (Líonra Faisnéise agus Ardán Slán chun Fianaise a Chur i gCoibhneas agus a Aistriú). Is é an cuspóir a bheidh ag *InspectR* ná chun ardán comhroinnte faisnéise agus próiseas úrnua a fhorbairt chun príomhshonraí a bhailiú, a anailísiú, a chur i láthair agus tús áite a thabhairt dóibh chun cabhair a thabhairt chun an choireacht a thuar, a bhrath agus a bhainistiú chun tacú le gníomhaireachtaí iolracha ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. As aschur uirlisí fóiréinseacha digiteacha tráchtála agus saor in aisce a eascróidh na sonraí seo agus cuirfear leo trí acmhainní ar líne a bhailiú.

Cuardaíonn tionscadal *CITYCop* gnéithe agus dea-chleachtais choiteanna a chuimsítear in aipeanna rathúla póilíneachta pobail ar fud an domhain agus tá mar chuspóir aige réiteach uathúil Eorpach, aip do ghutháin chliste agus tairseach ar líne san áireamh, a fhorbrófar i ngach cathair Eorpach, agus a “blas áitiúil” á chothú go fóill.

Tá Slándáil dírithe ar fheabhas a chur ar úsáid na meán sóisialta i mbainistíocht tubaiste trí eolas cost-éifeachtúil agus eiticiúil meán sóisialta a fhorbairt lena úsáid i gcásanna éagsúla éigeandála.

Tionscadal é *Proactive* a bhaineann le hullmhacht in aghaidh bagairtí *CBRNE* trí chuir chuige chomhchoiteanna idir cleachtóirí slándála agus an tsochaí shibhialta leochaileach.

Tionscadal dhá bhliain is ea *SAFECi* (Spás Sábháilte do chathracha níos sábháilte). Tá de chuspóir ag “Spás Sábháilte do chathracha níos sábháilte” feabhas a chur ar spásanna poiblí, ceantair uirbeacha agus spriocanna boga eile a chosaint trí dhea-chleachtas a mhalartú. Ábhar ar leith spéise is ea an méadú ar chosaint in aghaidh na mbagairtí nua.

Faightear cistiú gach bliain freisin ó *CEPOL*. Gníomhaireacht den Aontas Eorpach é *CEPOL* atá tiomnaithe d’oiliúint le haghaidh oifigigh forfheidhmithe dlí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chomhordú. Cuireadh clár oiliúna amháin dar teideal Ionstraimí agus Córais Chomhoibrithe Phóilíní na hEorpa i mBéarla ar siúl d’oifigigh forfheidhmithe dlí in Éirinn in 2019. Chuir *CEPOL* cistiú €162,913 ar fáil don Gharda Síochána chun an cúrsa seo a sholáthar.

## 6.6 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha

Tá €293,492 (2018: €322,075), ar an iomlán, curtha san áireamh i bhfo-cheannteideal A.1 maidir le luach saothair chomhaltaí an Gharda Síochána a bhí ar saoire speisialta agus pá á fháil acu do chomhlachtaí ionadaíocha foirne nó a bhí sannta d’eagraíochtaí leasa.

Ina theannta sin, fuair comhlachais ionadaíocha cistiú €302,002 in 2019 (2018: €316,242) mar seo a leanas.

**Cumainn ionadaíocha**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Deontas do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána - | 58,000 | 58,000 |
| Deontas do Chumann Ard-Cheannfoirt an Gharda Síochána - Deontas | 58,000 | 58,000 |
| Suimeanna a gearradh ar chomhlachtaí ionadaíocha foirne agus ar eagraíochtaí eile leasa chun seirbhísí poist, teileachumarsáide agus cóiríochta a sholáthar. | 186,002 | 200,242 |